An Roinn Airgeadais
Department of Finance

Ráiteas Príobháideachais Iarrthóra i leith Comórtais Inmheánacha

Uasdátú is déanaí: 10 Eanáir

Tábhachtach: Ráiteas Príobháideachais Iarrthóra i leith Comórtais Inmheánacha

Ullmhaíodh an Ráiteas Príobháideachais Iarrthóra seo d'iarrthóirí a bhfuil iarratas á ndéanamh acu ar chomórtais inmheánacha sa Roinn Airgeadais. Iarrtar ar iarrthóirí iad féin a chur ar an eolas faoin doiciméad seo. De bhreis air sin, iarrtar ar iarrthóirí freisin iad féin a chur ar an eolas faoi dhoiciméad na Roinne dar teideal **"Beartas Inmheánach agus Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Sonraí"** ar féidir teacht air ar an Mol trí chliceáil anseo: https://finance.cloud.gov.ie/KnowledgeBase/DataProtectionPolicy/Shared%20Documents/Department%20of%20Finance%20Data%20Protection%20Policy%20%20and%20Procedures%20-%20October%202018.pdf

1. Na prionsabail a bhaineann le próiseáil doiciméad pearsanta

Tá na prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta leagtha amach i ndoiciméad beartais na Roinne maidir le Cosaint Sonraí. Ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil go dleathach, go cothrom agus ar mhodh trédhearcach. Tá 6 bhealach ann inar féidir sonraí pearsanta a phróiseáil go dleathach, is é sin le rá:

1) Airteagal 6(1)(a) - Bonn Toilithe
2) Airteagal 6(1)(b) - Bonn Conartha
3) Airteagal 6(1)(c) - comhlíonadh Oibleagáide Dlíthiúla
4) Airteagal 6(1)(d) - Leasanna Bunúsacha
5) Airteagal 6(1)(e) - Leas an Phobail
6) Airteagal 6(1)(f) - Leasanna Dlisteanacha

I gcoitinne, tiocfaidh próiseáil sonraí ag Acmhainní Daonna faoi réim Airteagal 6(1)(b) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí - Bonn Conartha nó/agus Airteagal 6(1)(c) - comhlíonadh Oibleagáide Dlíthiúla agus faoi réim Alt 71(2)(a) den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Tá próiseáil sonraí iarratais clúdaithe faoi Airteagal 6(1)(b) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus faoi Alt 71(2)(a) den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Féadfaidh an Roinn Airgeadais poist fholmha a líonadh ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear:

- Painéil Ceapachán Seirbhíse Poiblí, idir oscailte agus idir-roinne
- Comórtais inmheánacha
- Comórtais oscailte i leith poist speisialtóireachta
- Iasachtuithe
- Soghluaisteacht sa Státseirbhís

Le linn iarratas a dhéanamh ar phost sa Roinn Airgeadais, iarrfar ar iarrthóirí raon doiciméad a thíolacadh e.g. faisnéis teagmhála, foirm iarratais, CV agus/nó litir chlúdaigh/ráiteas pearsanta.

Le hAirteagal 6(1)(b), ceadaítear sonraí a phróiseáil nuair "is gá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí a chomhlíonadh nó chun bearta a dhéanamh arna iarraidh sin

ag an ábhar sonraí sula ndéanfaidh sé nó sí conradh" ("an Bonn Conartha"). Féadfar brath ar Airteagal 6(1)(b) mar bhonn dlíthiúil le haghaidh oibríochtaí próiseála a chuirtear i gcrích:

(i) i gcomhthéacs earcaíochta chuig fostaíocht e.g. próiseáil a dhéanamh (i.e. ábhar a fháil, a chóipeáil, a bhreithniú agus a stóráil) ar iarratais ar phoist, ar theistiméireachtaí, ar CV-anna agus ar nótaí agallaimh, agus

(ii) chun an conradh fostaíochta a riaradh e.g. próiseáil a dhéanamh ar fhaisnéis "ionduchtúcháin" amhail mionsonraí teagmhála éigeandála, próiseáil a dhéanamh ar shonraí párolla amhail mionsonraí faoi thuarastal, faoi uimhir PPS, faoi P.45 agus faoi P.60, próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta d'fhonn sochair phinsin a riaradh, lena n-áirítear dáta breithe, stádas sibhialta agus teaghlaigh, treoracha don soláthraí pinsin, próiseáil a dhéanamh ar shonraí a bhaineann le feidhmíocht fostaí ag an obair agus le cuid mhór de na gníomhaíochtaí próiseála.

2. Faisnéis a Chomhroinnt

Faighteoir/Comhroinntear faisnéis le...	Nóta Tráchta
Aonad Acmhainní Daonna na Roinne Airgeadais	I gcás ina mbíonn an próiseas earcaíochta á sheoladh ag an Roinn Airgeadais, stórálann ár n-aonad Acmhainní Daonna d'iarratas agus faisnéis teagmhála agus déanann sé comhfhreagras leat i do cháil mar iarrthóir. I gcás ina n-éiríonn leat sa chomórtas, beidh gá le tuilleadh faisnéise lena cur san áireamh i do chonradh agus chun do chomhad pearsanra a chruthú agus chun tú a chur ar an bpárolla.
An Bord Roghnóireachta	Déantar faisnéis amhail foirm iarratais/CV agus litir chlúdaigh a chomhroinnt leis an mbord roghnóireachta mar chuid den phróiseas gearrliostaithe agus agallaimh. Ní chomhroinntear faisnéis teagmhála leis an mbord roghnóireachta agus coimeádann aonad Acmhainní Daonna na Roinne Airgeadais í. Nuair a bhíonn an próiseas roghnóireachta/agallaimh thart, tabharfaidh an Bord na taifid go léir a bhaineann le gach iarrthóir ar ais.
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS)	I gcás ina bhfuil an próiseas earcaíochta á sheoladh ag PAS, faigheann PAS na hiarratais go léir. Tar éis duine a cheapadh chuig an Roinn Airgeadais, soláthróidh PAS do CV/d'fhoirm iarratais, mar aon le do mhionsonraí teagmhála agus PPSN, d'Aonad Acmhainní Daonna na Roinne Airgeadais. Bíonn dátaí breithe ann uaireanta freisin.
D'fhostóir i láthair na huaire.	D'fhéadfadh sé go lorgóidh PAS faisnéis a bhaineann le do sheirbhís, le d'fheidhmíocht, le saoire bhreoiteachta agus le seiceáil teistiméireachtaí.
Lucht Bainistíochta na Roinne Airgeadais	Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go n-úsáidfear sonraí iarratais le haghaidh anailís staitistiúil. Chuige sin, déanfar na sonraí a chomhiomlánú agus a anaithnidiú d'fhonn na sonraí pearsanta go léir a chosaint.

3. Tuarascáil Airteagal 30

Faoi Airteagal 30 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, tá sé de cheangal ar an Roinn, ina cáil mar rialaitheoir sonraí, taifead a choimeád faoin méid seo a leanas:

- ainm agus mionsonraí teagmhála an rialaitheora agus, i gcás inarb infheidhme, ainm agus mionsonraí teagmhála an rialaitheora chomhpháirtigh, ionadaí an rialaitheora agus an oifigigh cosanta sonraí;
- na cuspóirí a bhaineann le próiseáil na sonraí pearsanta;
- tuairisc ar na catagóirí ábhar sonraí agus ar na catagóirí sonraí pearsanta;
- na catagóirí faighteoirí ar nochtadh na sonraí pearsanta dóibh nó a nochtfar na sonraí pearsanta dóibh, lena n-áirítear faighteoirí i dtríú tíortha;
- i gcás in arb infheidhme, aistrithe sonraí pearsanta go tríú tír nó go heagraíocht idirnáisiúnta, lena n-áirítear an tríú tír nó an eagraíocht idirnáisiúnta sin a ainmniú agus, i gcás aistrithe dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 49(1), na doiciméid maidir le coimircí oiriúnacha;
- na teorainneacha ama atá beartaithe chun catagóirí éagsúla sonraí a léirscriosadh;
- más féidir, cur síos ginearálta ar na bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla dá dtagraítear in Airteagal 32(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Is féidir rochtain a fháil ar Thuairisc Airteagal 30 na Roinne ar an Mol sa roinn Cosanta Sonraí dar teideal 'láithreán Eolais':
https://finance.cloud.gov.ie/KnowledgeBase/DataProtectionPolicy/Shared%20Documents/Article%2030%20Report%20-%20Dynamic%20document%20August%202018.pdf#search=Article%2030%20Report

Déanfaidh Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne Tuarascáil Airteagail 30 a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó nuair a fhaightear faisnéis bhreise atá ag an Roinn agus nach raibh san áireamh sa Tuarascáil roimhe sin.

4. An beartas maidir le Coimeád Sonraí

Mar thoradh ar thosach feidhme an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí tá oibleagáid ar an Roinn beartas a ullmhú maidir le Coimeád Sonraí. Tá bailchríoch á cur ar an mbeartas sin chun Beartas Bainistíochta Taifead na Roinne agus am Beartas Inmheánach agus Nósanna Inmheánacha Cosanta Sonraí a chomhlánú trí threoir ghinearálta a thabhairt i leith na tréimhse ama is cuí maidir le taifid a chruthaíonn, a bhailíonn, a rialaíonn agus a phróiseálann an Roinn a choimeád agus, sa deireadh, i leith diúscairt nó cartlannú taifead.

5. Teidlíochtaí Iarrthóirí

Soláthraíonn an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí roinnt ceart d'ábhair shonraí - tá na cearta sin leagtha amach i ndoiciméad inmheánach na Roinne maidir le Beartas Inmheánach agus Nósanna Inmheánacha Cosanta Sonraí agus áiríonn siad an méid seo a leanas:

ROCHTAIN: Is féidir le hiarrthóirí a gcuid sonraí a iarraidh, agus rochtain a fháil orthu, aon tráth agus is féidir leo cóip de na sonraí a iarraidh agus a fháil i bhformáid leictreonach/inaistrithe.

CEARTÚCHÁN: Is féidir le hiarrthóirí a iarraidh go gceartófar aon fhaisnéis mhícheart.

LÉIRSCRIOSADH: Is féidir le hiarrthóirí a iarraidh go léirscriosfar na sonraí atá á gcoimeád. Ach má tá an tréimhse coimeádta infheidhme fós d'fhéadfadh sé nach féidir géilleadh d'aon iarraidh i leith léirscriosadh sonraí pearsanta.

AGÓID A DHÉANAMH: Is féidir le hiarratasóirí agóid a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis a phróiseáil.

GEARÁN A DHÉANAMH: Is féidir le hiarrthóirí gearán a dhéanamh chuig ár nOifigeach Cosanta Sonraí inmheánach (féach na mionsonraí teagmhála thíos) agus/nó gearán a dhéanamh chuig an údarás iomchuí, is é sin, an Coimisiún um Chosaint Sonraí.

6. Mionsonraí teagmhála le haghaidh Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne Airgeadais:

Ainm: Colm O'Neill
Ríomhphost: dataprotection@finance.gov.ieorcolm.o'neill@finance.gov.ie
Teil: 604 5818 nó Folíne: 5818

Seoladh Poist: An tOifigeach Cosanta Sonraí
An Roinn Airgeadais
Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 R583

7. Mionsonraí Teagmhála le haghaidh Oifigeach Idirchaidrimh Cosanta Sonraí Acmhainní Daonna na Roinne Airgeadais:

Ainm: Liz Doyle
Ríomhphost: liz.doyle@finance.gov.ie
Teil: 01-6045793

Seoladh Poist: Oifigeach Idirchaidrimh Cosanta Sonraí Acmhainní Daonna
An Roinn Airgeadais
Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 R583

8. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi Chosaint Sonraí:

Láithreán gréasáin an Choimisiúin Cosanta Sonraí –www.dataprotection.ienó déan teagmháil leis an teileafón ag 1890 252231 nó le ríomhphost chuig info@dataprotection.ie.